



## Cumann Peile na Ceathrún Ruaidh Méan fómhair 2015

### Nuachtlitir 'Láidreacht le chéile'

Fáilte chuig eagrán 3 de nuachtlitir treimhsúil an chumainn agus deireadh an t-seasúr beagnach linn. Tá roinnt mhaith éachtaí bainte amach idir sean agus óg sa gCumann.

D'eirigh leis an bhfoireann faoi 14 Sciath Craobh an Chondae Roinn a 2 a bhuachaint le gairid i Ros Muc. Bhí sár chluiche ann in aghaidh Naomh Micheál. Ag leath ama bhí muid suas ina aghaidh ceart agus Naomh Micheál chun cinn 3-7 in aghaidh 4-0. Shocraigh na leids síos sa dara leath agus thug na cúlaithe taispeántas iontach uathu agus níor lig siad isteach ach 1-1 agus ar an taobh eile d'eirigh linn a ndothain scóranna a fháil agus a thug slán muid.

An scór deireadh: An Cheathrú Rua 6-5, Naomh Mícheál 4-8.



Déanaimid comhghairdeachas chomh maith le foireann Sinsir an chumainn a ndeachaigh chomh fada le cluiche ceathrú ceannais an chontae agus le foireann Soisear mná a bhuaigh sciath an léig. Treasláim lena gcuid bainisteoirí/traenalaithe chomh maith agus gabhaimid ar fad buíochas leo siúd ar fad a thraenalann foirne. Ní dhiúltaíonn muid do thacaíocht ariamh.

Ar deireadh, treasláim chomh maith le Paudie Mac Cormaic a bhí ar fhoireann mionúr an chontae a bhain amach craobh Chonnacht nuair a bhfuair an ceann is fearr ar Shligeach. 'Fairplay' freisin le deartháir Phaudie, Éanna agus Padraic Tomás Bán Mac Donnacha a bhí ar fhoireann faoi 14 an chontae i mbliana. Tá sé tabhachtach go mbeadh leaids agus cailíní óga an chumainn ag glacadh le aon deis iad fhéin a fheabhsú ar foirne idir-chontae. Ardóidh sé sin caighdeán sa chlub ar fad.

Peadar ó Loideain  
Cathoirleach



Buaiteoir lotto an chumainn Maureen Coyne. 17000 a mbronnadh uirthi ag an gcisteoir agus ag an gcathoirleach.



Éanna Mac Cormaic agus Padraic mac Donnacha



Paudie Mac Cormaic lena athair agus a mháthair

